Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Ráiteas Straitéise 2023-2025

## Roinn an Taoisigh



Ullmhaithe ag an Roinn an Taoisigh

**gov.ie**

# Contents

MISEAN AGUS LUACHANNA NA ROINNE 3
PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA ROINNE 4
COMHTHÉACS AGUS DÚSHLÁIN ATÁ ROMHAINN 6
TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA NA ROINNE 8
A. TACÚ LEIS AN TAOISEACH AGUS LEIS AN RIALTAS 9
B. TODHCHAÍ NA TÍRE A DHAINGNIÚ – TREALLÚS A CHUR FAOI THOSAÍOCHTAÍ TRASRIALTAIS 11
C. COTHABHÁIL A DHÉANAMH AR AN NGEILLEAGAR AGUS AR INFHEISTÍOCHT 13
D. SOCHAÍ NÍOS FEARR A CHOTHÚ 15
E. ÁIT NA hÉIREANN SAN EORAIP AGUS I MEASC AN DOMHAIN A THREISIÚ 17
F. COMHDHEARCADH A CHOTHÚ MAIDIR LE HOILEÁN COMHROINNTE – ó Thuaidh, ó Theas, Thoir agus Thiar 19
SPRIOCANNA NA ROINNE A BHAINT AMACH 21
GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE 23

# MISEAN AGUS LUACHANNA NA ROINNE

Is é cuspóir na Roinne cabhrú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas geilleagar inbhuanaithe agus sochaí rathúil a chinntiú, leasanna na hÉireann a shaothrú thar lear, Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus todhchaí níos fearr a chruthú d'Éirinn agus dá cuid saoránach go léir.

Treoraíonn Fís agus Luachanna na Státseirbhíse ár gcuid oibre.

## FÍS

Státseirbhís atá nuálach, gairmiúil agus sofhreagrúil a sholáthar a chuireann le saol mhuintir na hÉireann trí bharr feabhais i seachadadh seirbhíse agus forbairt beartais straitéisigh

## LUACHANNA

- Seasfaimid agus múnlóimid luachanna na Státseirbhíse ar na nithe seo a leanas:
- Meas – ar an bpobal agus ar chomhghleacaithe ar fud na Státseirbhíse agus ar fud na Seirbhíse Poiblí
- Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht – comhairle a thabhairt agus beartas a fheidhmiú go neamhchlaonta
- Cothroime agus Comhionannas – trí chaitheamh go cothrom agus go pras leis an bpobal
- Ionracas – trí ionracas agus trédhearcacht a léiriú inár gcuid oibre

Leanfaimid lena chinntiú go neadaítear na luachanna seo inár n-eagraíocht féin agus sinn i rannpháirtíocht leis an bpobal, leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí níos leithne agus leis an gcóras polaitíochta.

# PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA ROINNE

- Feidhmeanna Feidhmiúcháin an Taoisigh agus an Rialtais a chur ar fáil
- Rúnaíocht an Rialtais a sholáthar
- Tacú leis an Taoiseach tabhairt faoina dhualgais mar Cheann Rialtais, dualgais i ndáil leis an Oireachtas, saincheisteanna Bunreachta, Prótacal, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann san áireamh.
- Oibriú le hOifig an Uachtaráin agus leis an Oireachtas, dul i mbun beartais rialtais a leagan amach agus a chur i bhfeidhm trí chóras na gCoistí Comh-Aireachta, Grúpaí na nOifigeach Sinsearach agus Aonad Idirchaidrimh na Parlaiminte go príomha.
- Oifig an Taoisigh
- Oifig an Tánaiste agus Oifig Cheannaire an Chomhaontais Ghlais
- Oifig Phríomh-Aoire an Rialtais (atá freagrach chomh maith as an bPríomh-Oifig Staidrimh)
- Tacú leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha a shanntar chuig an Roinn
- Seirbhís Faisnéise an Rialtais
- Mionteagasc agus comhairle a chur ar fáil don Taoiseach maidir leis an réimse uile saincheisteanna a bhaineann le beartais bhaile agus gnóthaí idirnáisiúnta (lena n-áirítear, trí obair na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí agus an Aonaid um Chomhphlé Sóisialta)
- Tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas beartais na hÉireann maidir leis an AE, Tuaisceart Éireann agus beartais idirnáisiúnta a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, obair an Aonaid um Oileán Comhroinnte agus iad a chomhordú ar fud an Rialtais uile

- Róil chomhordaithe i dtionscnaimh éagsúla tras-Rrialtais, lena n-áirítear, COVID-19, an Breatimeacht, Gníomhú ar son na hAeráide, an Measúnú Riosca Náisiúnta, an Creat Folláine, Athchóiriú na Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail, NSAC agus Tionscnamh Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh
- Tacaíocht a chur ar fáil d'obair neamhspleách an Tionóil Saoránach

- Comhcheannaireacht a thabhairt maidir le clár Athnuachana na Státseirbhíse trí Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil tríd an Rannán Gnóthaí Corparáideacha (Acmhainní Daonna, Airgeadas, ICT agus seirbhísí eile)

# COMHTHÉACS AGUS DÚSHLÁIN ATÁ ROMHAINN

Leanfaidh an Roinn den ról lárnach atá aici lena chinntiú go mbeidh na beartais a fhorbraítear ag tacú le tiomantas an Rialtais Éire a fhorbairt ar bhealach atá inmharthana, a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch agus le dul chun cinn sóisialta. Baineann sí sin amach trí thacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas agus trí struchtúr an Choiste Comh-Aireachta.

Ní mór d'Éirinn, chun cur leis an mbealach rathúil ó COVID- 19, leanúint lena chinntiú go seasfaidh an geilleagar agus an tsochaí amach anseo chun cur le teacht aniar agus chun an bealach a stiúradh trí shuaitheadh reatha agus trí shuaitheadh amach anseo ar nós chogadh na hÚcráine, costais atás ag ardú agus tionchair an Bhreatimeachta. Tacóidh an Roinn leis an Rialtas chun na tiomantais agus na tosaíochtaí atá leagtha amach i gClár an Rialtais a bhaint amach, lena n-áirítear, pleananna uaillmhianacha chun dul chun cinn a dhéanamh ar Thithíocht, Gníomhú ar son na hAeráide, Sláinte agus Bochtaineacht agus Folláine Leanaí.

De bharr ról lárnach a bheith aici, leanfaidh an Roinn ag ullmhú an Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta, ar deis é chun plé a spreagadh laistigh den Státseirbhís agus lasmuigh de maidir leis na rioscaí straitéiseacha atá ag bagairt ar an tír.

Is iad na Coistí Comh-Aireachta a bhunaigh an Rialtas tar éis an athraithe sa bhliain 2022:

- An Coiste Comh-Aireachta ar Thithíocht
- An Coiste Comh-Aireachta ar Shláinte
- An Coiste Comh-Aireachta ar Chomhshaol agus Athrú Aeráide
- An Coiste Comh-Aireachta ar Ghnóthaí Sóisialta agus Comhionannais
- An Coiste Comh-Aireachta ar Leanaí agus Oideachas
- An Coiste Comh-Aireachta ar Ghnóthaí AE agus Idirnáisiúnta

- An Coiste Comh-Aireachta ar an Breatimeacht agus Tuaisceart Éireann
- An Coiste Comh-Aireachta ar Fhreagra Daonnúil i leith na hÚcráine
- An Coiste Comh-Aireachta ar Infheistíocht agus Eacnamaíoch
- An Coiste Comh-Aireachta ar Chomhordú an Rialtais


Is léiriú iad na Coistí Comh-Aireachta seo ar na tosaíochtaí atá ag an Rialtas ar bhonn náisiúnta agus ar na dúshláin a bheidh le sárú ag Éirinn sna blianta atá amach romhainn, lena n-áirítear réimsí nua agus réimsí leathnaithe oibre a bhaineann le hOifig an Chláir Bochtaineachta agus Folláine Leanaí, obair an Aonaid um Oileán Comhroinnte agus an Aonaid um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá athstruchtúrú déanta ar an Roinn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo agus ar dhúshláin nua, agus tá socruithe leanúnacha déanta chun tacú le feidhmiú rialtais trí pháirtí.

Leanfaidh an Roinn ag comhlíonadh a freagrachtaí i ndáil leis na sruthanna oibre reatha a bhaineann le hAthchóiriú na Póilíneachta agus Sábháilteacht Pobail, le Tionscnamh Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh, Creat Folláine, Ionad um Anailísiú na Slándála Náisiúnta, an Tionóil Saoránach agus roinnt fiosrúcháin reachtúla.

# TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA NA ROINNE

Bunaithe ar an measúnú atá déanta againn ar an timpeallacht, is iad seo a leanas na príomhthosaíochtaí atá ag an Roinn don tréimhse 2023-2025.

A. Tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas
B. Todhchaí na Tíre a Dhaingniú – Treallús a chur faoi Thosaíochtaí tras-Rialtais
C. Cothabháil a dhéanamh ar an nGeilleagar agus ar Infheistíocht
D. Sochaí Níos Fearr a Chothú
E. Áit na hÉireann san Eoraip agus i measc an Domhain a threisiú
F. Comhdhearcadh a chothú maidir le hOileán Comhroinnte - ó Thuaidh, ó Theas, Thoir agus Thiar



# A. TACÚ LEIS AN TAOISEACH AGUS LEIS AN RIALTAS



Soláthróimid na seirbhísí tacaíochta go léir atá ag teastáil ón Taoiseach agus ón Rialtas, lena n-áirítear, Rúnaíocht an Rialtais, Oifigí Príobháideacha, Aonad Idirchaidrimh na Parlaiminte, Seirbhísí Faisnéise an Rialtais, Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha agus Prótacal.

Leanfaimid le tacaíocht, comhairle beartais agus an fhaisnéis atá riachtanach a chur ar fáil don Rialtas, don Taoiseach agus do na hAirí Stáit sa Roinn, ar mhaithe le Rialtas éifeachtach a stiúradh agus ar mhaithe le ceannaireacht fhuinniúil, comhordú agus treo straitéiseach beartais Rialtais.

Beidh gach cuid den Roinn i gceist leis an méid sin, lena n-áirítear, an rúnaíocht do na Coistí Comh-Aireachta éagsúla agus tacú le grúpaí na n-oifigeach sinsearach chun fócas láidir ar fheidhmiú agus ar sheachadadh beartais a chinntiú.

De réir mar a fhoráiltear dó i gClár an Rialtais, leanann Oifig an Tánaiste ag feidhmiú laistigh de Roinn an Taoisigh chomh maith le hOifig an Chomhaontais Ghlais atá lonnaithe i dTithe an Rialtais. Is ar mhaithe le cuidiú le beartais a chomhordú agus a fheidhmiú laistigh den Rialtas é seo chomh maith le cruinnithe seachtainiúla den

Choiste Comh-Aireachta um Chomhordú Rialtais, a chuimsíonn Ceannairí gach aon pháirtí sa Rialtas.

Tacóimid le rannpháirtíocht rialta idir an Rialtas agus grúpaí ionadaíocha trí oibriú leis an Aonad um Chomhphlé Sóisialta agus leis an bhFóram Geilleagrach Fostóirí Saothair agus trí chomhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach a thuairiscíonn don Taoiseach ar shaincheisteanna beartais straitéisigh ríthábhachtacha.

Leanfaidh an Roinn le tacaíocht rúnaíochta a sholáthar don Tionól Saoránach atá ag feidhmiú go neamhspleách ón Rialtas agus a thugann daoine den phobal le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair shonracha agus chun moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais.

Leanfaidh Seirbhís Faisnéise an Rialtas le comhoibriú agus comhordú láidir a chothabháil i measc oifigigh Phreasa agus Chumarsáide i Ranna agus i nGníomhaireachtaí Rialtais eile agus le forbairt cumarsáide Rialtais a stiúradh – ag éascú agus ag spreagadh forbairt acmhainneachta sa réimse cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

# B. TODHCHAÍ NA TÍRE A DHAINGNIÚ – TREALLÚS A CHUR FAOI THOSAÍOCHTAÍ TRASRIALTAIS

*Freagra uile-Rialtais a spreagadh ó thaobh réimsí ríthábhachtacha maidir le Tithíocht, Gníomhú ar son na hAeráide, Bochtaineacht agus Folláine Leanaí agus Saincheisteanna Daonnúla, lena n-áirítear, comhordú éifeachtach a dhéanamh ar eolas don phobal.*



Spreagfaimid tuilleadh dul chun cinn faoi Thithíocht do Chách trí chur leis an stoc tithíochta agus trí fháil a bheith ar thithe agus ar thithe inacmhainne, áireoidh sé seo, athchóiriú riachtanach ar na córais tithíochta agus phleanála, agus tógáil tithe atá níos inmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus córas tithíochta inbhuanaithe a chruthú don todhchaí.

Feidhmeoimid ról ceannaireachta chun a chinntiú go mbeidh Gníomhú ar son na hAeráide ina phríomhthosaíocht ag gach Roinn Rialtais. Tacóimid le gníomhartha a thugann aghaidh ar an ngéarchéim aeráide tríd an gCoiste Comh-Aireachta um Chomhshaol agus Athrú Aeráide, an Bord Seachadta um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Grúpa na nOifigeach Sinsearach gaolmhar. Tacóidh an obair seo le Plean nua um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú faoina mbeidh freagracht ar gach roinn agus comhlacht poiblí a gcuid gníomhartha féin a sheachadadh. Cuirfear

treoir straitéiseach ar fáil leis an obair seo trí anailís agus taighde ar phríomh-shaincheisteanna aeráide agus cuideoidh chun cumarsáid an Rialtais ar ghníomhú ar son na haeráide a chomhordú.

Tacóidh Oifig an Chláir Bochtaineachta agus Folláine Leanaí leis an Taoiseach agus leis an Rialtas chun dul i ngleic le bochtaineacht leanaí agus chun folláine leanaí a chur chun cinn. Déanfaidh an Oifig iarracht, trí oibriú leis an gCoiste Comh-Aireachta um Leanaí agus Oideachas, cuntasacht ó thaobh gníomhartha ar fud an Rialtais a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht agus ar fholláine leanaí agus fócas straitéiseach a chur ar líon roghnaithe tiomantais tosaíochta.

Leanfaidh an Roinn ag obair ar fud an Rialtais chun freagraí ceantar áitiúil i leith míbhuntáiste, forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht na struchtúir atá ann cheana féin agus tacú le pleanáil áitiúil atá faoi threallús ag sonraí.

Ní fhacthas leithéid d'fhreagra na hÉireann i leith dúshláin daonnúla riamh cheana, lena n-áirítear, an cogadh san Úcráin. Leanfaidh an Roinn le comhordú a dhéanamh ar bheartas agus ar thionscnaimh trasrialtais, lena n-áirítear, an gá atá ann do chóiríocht, seirbhísí agus rannpháirtíocht atá á gcur ar fáil ag an Stát.

# C. COTHABHÁIL A DHÉANAMH AR AN NGEILLEAGAR AGUS AR INFHEISTÍOCHT

*Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe leanúnach agus ionchuimsitheach a chinntiú, lena n-áirítear, trí dhlús a chur faoi aistrithe glasa agus digiteacha. Teacht aniar a bheith i bhfiontair agus in earnálacha na tíre agus cothabháil a dhéanamh ar an bhfócas ar infheistíocht bonneagair tosaíochta, go háirithe ó thaobh na tithíochta de.*



Tá athrú cruthaithe ag dúshláin le gairid, lena n-áirítear, an costas maireachtála agus ag brúnna boilscithe agus ag an gcogadh san Úcráin ar an timpeallacht gheilleagrach agus gnó. Sa chomhthéacs seo, tá cinntiú rath amach anseo bunaithe ar inbhuanaitheacht, ar nuálaíocht agus ar tháirgiúlacht mar fhócas lárnach ó thaobh obair na Roinne.

Oibreoimid chun dlús a chur faoi aistrithe glasa agus digiteacha, chun borradh a chur faoi scileanna, cur le teacht aniar an bhoinn fiontraíochta agus earnálacha, Margadh Aonair an AE a threisiú agus cothabháil a dhéanamh ar bheartas trádála uaillmhianach agus oscailte.

Beidh poist a chosaint, gnóthachan le gairid sa rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, agus roghanna nua fostaíochta inbhuanaithe a chruthú, ríthábhachtach lena chinntiú go seasfaidh an geilleagar an aimsir.

Taobh leis sin, oibreoimid le hinfheistíocht riachtanach a dhéanamh sa bhonneagar agus sa nascacht, atá ríthábhachtach chun cothabháil a dhéanamh ar iomaíochas agus ar tharraingteacht agus coinneáil suas le hathrú déimeagrafach.

Oibreoimid leis na Ranna agus leis na gníomhaireachtaí ábhartha chun cuidiú Éire a chur chun cinn mar áit mhealltach do ghnó, infheistíocht, trádáil agus turasóireacht, agus chun tacú le deiseanna agus tionscnaimh eacnamaíocha sna príomhearnálacha.

Cinnteoimid, trí struchtúir Comhphlé Sóisialta a neartú, rannpháirtíocht rialta leanúnach agus oscailte le gach earnáil de chuid na sochaí maidir leis na dúshláin atá i ndán don tír.

Leanfaimid le forbairt a dhéanamh ar an gCreat Folláine agus an creat a chomhtháthú i gceapadh beartais, lena chinntiú go bhfuilimid ag glacadh le dearcadh iomlánaíoch i leith dul chun cinn na hÉireann mar thír agus folláine mhuintir an phobail mar chomhsprioc againn.

# D. SOCHAÍ NÍOS FEARR A CHOTHÚ

*Cuidiú lena chinntiú go dtacóidh beartais agus seirbhísí Rialtais le sochaí a bheidh cothrom agus ionchuimsitheach go sóisialta agus go mbeidh caighdeán saoil níos fearr ag cách.*



Cuideoidh an Roinn, trína Coistí Comh-Aireachta ábhartha, le feidhmiú tiomantais Chlár an Rialtais a chinntiú i réimsí beartais shóisialta, sláinte, oideachais, bochtaineachta agus folláine leanaí, ceartais, comhionannais agus seirbhísí poiblí, lena n-áirítear, cúrsaí a bhaineann le hathchóiriú na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí.

Oibreoimid chun Clár Athchóirithe Sláintecare a chur chun cinn, chun rochtain, torthaí agus inacmhainneacht d'othair a fheabhsú. Beidh leathnú a chur ar acmhainneacht chroíláir na n-ospidéal géarmhíochaine, ag feabhsú cúram pobail agus ag cur treallús faoi chumasóirí ríthábhachtacha an fhórsa saothair, athchóiriú ICT agus rialachais chun seachadadh a dhéanamh níos éifeachtúla ag leibhéal áitiúil i gceist leis seo.

Tacóimid le hiarrachtaí uile-Rialtais chun dul i ngleic le bochtaineacht agus míbhuntáiste, ag forbairt beartais chun sochaí níos cothroime a chur chun cinn. Áirítear anseo, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht agus comhionannas inscne a chur chun cinn agus tacú le daoine faoi mhíchumas, le leanaí agus le teaghlaigh. Tacóidh an Roinn le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta um Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus

Inscne-Bhunaithe.

Leanfar ag díriú ar phobail níos láidre agus níos sábháilte a chothú trí athchóiriú sa réimse tithíochta, póilíneachta agus sábháilteachta pobail agus forbairt pobail. Áirítear anseo róil mhaoirseachta maidir le hathchóiriú póilíneachta a chur i bhfeidhm chomh maith le Tionscnamh Lárchathair Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

Tacóimid le hAthnuachan na Státseirbhíse trínár gceannaireacht ar Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse le fócas faoi leith ar luachanna na Státseirbhíse a spreagadh agus le tairseach shoiléir, chomhtháite a fhorbairt chun tacú le sármhaitheas i bhForbairt Beartais.

Oibreoimid tríd an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach agus trí struchtúir rannpháirtíochta nua eile chun a chinntiú go nochtfar raon iomlán tuairimí maidir le forbairt beartas eacnamaíochta agus sóisialta.

Leanfaimid le tacaíocht a thabhairt do shruthanna oibre eile atá tábhachtach chun ár dtodhchaí a mhúnlú amhail an Tionóil Saoránach.

# E. ÁIT NA hÉIREANN SAN EORAIP AGUS I MEASC AN DOMHAIN A THREISIÚ

*Ag obair le comhpháirtithe agus le hinstitiúidí AE le teacht aniar agus le hiomaíochas an AE a chinntiú, lena n-áirítear, an margadh aonair a threisiú. Cion soiléir agus éifeachtach na hÉireann a chinntiú maidir le dúshláin dhomhanda, lena n-áirítear, gníomhú ar son na haeráide, forbairt inbhuanaithe agus síocháin agus slándáil.*



Chuir forbairtí le blianta beaga anuas béim ar thionchar forbairtí domhanda ar rathúnas, slándáil agus ar fholláine na hÉireann. Éilíonn dúshláin ar nós chogadh na hÚcráine, athrú aeráide, imirce agus cibearshlándáil freagra comhbheartaithe agus soiléir ag leibhéal AE agus Idirnáisiúnta.

Leanfaidh an Roinn, chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint, ag tacú leis an Taoiseach ina ról mar chomhalta den Chomhairle Eorpach agus lena ról ag idirghníomhú le Cinn Stáit agus Rialtais eile agus le pearsana ceannródaíocha AE, maidir le raon cuimsitheach saincheisteanna agus réimsí beartas a bhaineann leis an AE.

Oibreoimid le Ranna agus le gníomhaireachtaí Rialtais agus le páirtithe sa bhaile agus thar lear chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn, breis infheistíochta, trádála agus poist a thabhairt chun cinn, caidreamh déthaobhach agus polaitíochta na

hÉireann a threisiú agus comhfhreagairtí ar dhúshláin dhomhanda agus réigiúnacha a fhorbairt. Áirítear ansin feidhmiú mar chomhalta tiomanta den Aontas Eorpach chun an ról atá ag an Aontas i measc an domhain a threisiú agus luachanna an Aontais i ndáil le comhoibriú, daonlathas agus síocháin a chur chun cinn agus a chosaint.

Leanfaimid ag tacú leis an Taoiseach ina rannpháirtíocht idirnáisiúnta níos leithne, déthaobhach agus iltaobhach araon, ag feidhmiú chun cur an méid is fearr is féidir le tionchar agus le cion na hÉireann. Oibreoimid le comhghleacaithe ar fud an chórais chun cuidiú le heagraíochtaí iltaobhacha a neartú, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, atá ríthábhachtach d'ord idirnáisiúnta slán agus láidir atá bunaithe ar rialacha.

Oibreoimid le Ranna agus gníomhaireachtaí eile chun cur chuige uile-Rialtais atá soiléir a chinntiú i leith saincheisteanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear, forbairt, slándáil agus cosaint idirnáisiúnta, forlámhas an dlí, cearta daonna idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht na Náisiún Aontaithe.

Cuirfimid leis an Athbhreithniú le gairid ar Straitéis Éire Dhomhanda 2025, leanfaimid le maoirseacht a dhéanamh ar a feidhmiú, ag baint a sprice uileghabhálaí amach maidir le láithreacht agus tionchar na hÉireann sa domhan a mhéadú. Leanfaimid ag obair le daoine eile le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a fheidhmiú ag baile agus ag leibhéal domhanda.

## F. COMHDHEARCADH A CHOTHÚ MAIDIR LE HOILEÁN COMHROINNTE – ó Thuaidh, ó Theas, Thoir agus Thiar

*Oibriú le gach pobal agus traidisiún ar an oileán le comhdhearcadh a chothú maidir le todhchaí chomhroinnte, le Comhaontú Aoine an Chéasta mar bhonn taca aige. Cuidiú le cothabháil a dhéanamh ar shíocháin agus caidreamh a fhorbairt ar Oileán na hÉireann agus idir an Bhreatain agus Éire.*




Tá cuspóir na síochána, an rathúnais agus institiúidí polaitíochta inbhuanaithe i dTuaisceart Éireann mar thosaíocht ag an Taoiseach i gcónaí, lena n-áirítear, feidhmiú iomlán na n-institiúidí a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta. Áirítear anseo, tacú leis an Taoiseach ina chuid rannpháirtíochta le Comhairle Aireachta Thuaidh Theas, agus Comhairle na Breataine-na hÉireann.

Cuireann Creat Windsor bealach ar fáil chun dul chun cinn a dhéanamh i dTuaisceart Éireann, i dtéarmaí an Feidhmeannas a athbhunú agus cuireann an cumas ar fáil freisin ó thaobh na cobhsaíochta agus feabhas a chur ar chúrsaí geilleagracha do phobail i dTuaisceart Éireann. Leanfar le hidirchaidreamh Thiar Thoir de réir mar a thagann tuilleadh forbartha ar an gcaidreamh seanbhunaithe, le comhoibriú a thabhairt san áireamh i réimsí ina bhfuil dúshláin agus deiseanna comhroinnte.

Cuireann an tAonad um Oileán Comhroinnte sa Roinn treallús faoi agus déanann comhordú ar fheidhmiú tiomantas an Rialtais dul i mbun rannpháirtíochta leis na pobail agus leis na traidisiúin go léir ar an oileán chun cur le comhdhearcadh thart ar thodhchaí chomhroinnte le Comhaontú Aoine an Chéasta mar bhonn taca aige. Tacaíonn an t-aonad le seachadadh a dhéanamh ar na tiomantais maidir le hOileán Comhroinnte, ag cothú comhphlé ionchuimsitheach agus ag coimisiúnú taighde maidir le todhchaí chomhroinnte, ag oibriú le Ranna Rialtais agus ag idirghníomhú leis an tsochaí sibhialta ar fud an oileáin.

Faigheann an tionscnamh maidir le hOileán Comhroinnte tacaíocht ón gCiste um Oileán Comhroinnte ag cur maoiniú imfhálaithe suntasach ar fáil chun tiomantais agus cuspóirí infheistíochta uile-oileán sa Chlár don Rialtas agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-30 a chur ar fáil. Tá an infheistíocht seo, a gcuireann clár leathan comhphlé agus taighde faisnéis ar fáil dó, ag cumasú tionscadail chomhpháirtíochta Uile-Éireann nua ar fud raon réimsí.

# SPRIOCANNA NA ROINNE A BHAINT AMACH

Éilíonn cur i bhfeidhm ár Straitéise go leanfaimid ar aghaidh ag obair le cumas na heagraíochta a fheabhsú, ag forbairt ceannairí agus ag cumhachtú na foirne chun ár dtosaíochtaí a chur ar fáil. Tá an Roinn tiomanta a bheith mar fhostóir den scoth, ag neadú ár mbeartais oibre cumaisc chun cur le fórsa saothar fuinniúil, sofhreagrúil agus freagartha agus cothabháil a dhéanamh ar chaighdeáin láidre feidhmithe agus ar leibhéil arda táirgiúlachta.

## Ag Tacú lenár gCuid Daoine



Ullmhóimid Straitéis Acmhainní Daonna nua ina gcuimseofar raon gníomhartha chun a bheith mar bhonn taca le seachadadh an Ráitis Straitéise, lena n-áirítear:

- Pleanáil fórsa saothair éifeachtach agus beartais Acmhainní Daonna forásacha a chuidíonn le deiseanna soghluaisteachta foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fheabhsú agus na deiseanna seo curtha i dtoll a chéile;
- Tiomantas do chlár leanúnach foghlama chun uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar fáil don fhoireann chun a chinntiú go bhfuilimid ag cur lenár n-acmhainneacht chun freastal ar riachtanais na todhchaí;

- Cur chuige onnghníomhach i leith comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsithe agus lena chinntiú go dtugann straitéisí roinne aird ar a dtábhacht;
- Tionscnaimh rannpháirtíochta agus folláine foirne a chur i bhfeidhm chun tacú leis an bhfórsa saothair.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Oibre Cumaisc agus an bealach ina bhfuil an beartas ag teacht le roghanna oibre solúbtha eile;
- Nuálaíocht a éascú agus a spreagadh ar fud gach gné dár gcuid oibre, lena n-áirítear, obair Tras-Rannach;
- Na gníomhartha atá leagtha amach i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur i bhfeidhm.

Cuirfimid Straitéis an ICT i bhfeidhm chun seirbhísí cobhsaithe, inscálaithe agus slán a chur ar fáil i gcomhar le hOifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais agus leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála.

Leanfaimid ag cloí leis na caighdeáin is airde ionracais airgeadais agus rialaithe buiséid chun luach ar airgead a chinntiú agus chun caiteachais a ailíniú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha.

Leanfaimid lenár n-acmhainneacht do smaointeoireacht straitéiseach agus pleanáil chun cinn a fhorbairt. Leanfaimid le leas a bhaint as obair na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí maidir le saincheisteanna beartais straitéisigh a bhaineann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, sóisialach agus comhshaoil.

## Gníomhú ar son na hAeráide

Chomh maith lena ról ceannaireachta le chur chuige Uile-Rialtais a thabhairt chun cinn maidir le athrú aeráide, tá an Roinn tiomanta leas a bhaint as gníomhartha éifeachtúlachta acmhainne chun fuinneamh agus dramhaíl a laghdú. Trí Fhoireann Ghlas na Roinne, cuirfidh an Roinn raon bearta i bhfeidhm atá leagtha amach ina Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide chun cur le héifeachtúlacht ó thaobh teasa, soilse, uisce, dramhaíl a laghdú agus cur le hathchúrsáil. Cuirfidh an Roinn le feasacht freisin agus cuirfidh le tacaíocht i measc na foirne chun aistriú chuig bealaí níos inbhuanaithe taistil agus soláthar glas a chur chun cinn.

Ullmhaithe ag an Roinn an Taoisigh

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland